2024/1700

18.6.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1700 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Márta 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear, i gcás urrúsú traidisiúnta simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe neamh-ABCP, agus i gcás urrúsú simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe laistigh den chlár comhardaithe, an t-inneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise a bhaineann le drochthionchair phríomha na sócmhainní arna maoiniú leis na neamhchosaintí foluiteacha ar thosca inbhuanaitheachta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH, j,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2402 an 12 Nollaig 2017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 22(6), an tríú fomhír, agus Airteagal 26d(6), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis uile is gá ag infheisteoirí chun go mbeidh siad in ann cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le tionchair inbhuanaitheachta a gcuid infheistíochtaí, ba cheart nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de a bheith soiléir, achomair agus feiceálach go leor.

(2) Chun feabhas a chur ar inchomparáideacht dhrochthionchair phríomha na sócmhainní a mhaoinítear le neamhchosaintí foluiteacha ar thosca inbhuanaitheachta, is gá idirdhealú a dhéanamh, ar thaobh amháin, idir táscairí drochthionchar, bunaithe ar ábharthacht a neamhchosaintí, a mbíonn drochthionchair phríomha i gcónaí mar thoradh orthu, agus, ar an taobh eile, táscairí breise maidir le drochthionchair a mheasann na tionscnóirí a bheith an-ábhartha.

(3) Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh faisnéis ar fáil go héasca i gcónaí le haghaidh na dtáscairí inbhuanaitheachta uile, níor cheart a cheangal ar thionscnóirí ach tuairisciú maidir le táscaire breise amháin ar a laghad de na drochthionchair phríomha a bhaineann leis an aeráid nó tosca inbhuanaitheachta eile a bhaineann leis an gcomhshaol, agus maidir le táscaire breise amháin ar a laghad de dhrochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta sóisialta nó rialachais.

(4) I gcás na dtáscairí uile, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh faisnéis faoi dhrochthionchair phríomha ar fáil go héasca, ba cheart cead a bheith ag tionscnóirí sonraí a fuair siad go díreach ó oibleagáideoirí nó ó shaineolaithe seachtracha a úsáid, nó toimhdí a mheasann siad a bheith réasúnta a úsáid. Ba cheart do thionscnóirí, áfach, míniú mionsonraithe a thabhairt ar an gcaoi ar bhain siad úsáid as a gcuid iarrachtaí is fearr chun faisnéis a fháil maidir le drochthionchair phríomha ó na hoibleagáideoirí den sórt sin, ó na saineolaithe seachtracha sin, nó trí thoimhde réasúnta a dhéanamh.

(5) De réir an tríú fomhír d'Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/2402 i gcomhar le hAirteagal 7(1), pointe (a), den Rialachán sin, ní mór faisnéis a bhaineann le hurrúsúcháin, i gcás ina bhfuil réamheolaire le tarraingt suas, a chur fáil trí bhíthin stór urrúsúchán atá cláraithe le ESMA. Chun rianú na faisnéise maidir le drochthionchair phríomha a chuirtear ar fáil tríd an stór urrúsúchán sin a éascú, ba cheart do thionscnóirí cód ítime a úsáid atá comhsheasmhach leis na cóid a leagtar amach i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1224 ón gCoimisiún ([2]).

([1]) IO L 347, 28.12.2017, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2402/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1224 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis agus na sonraí i dtaobh urrúsúchán atá le cur ar fáil ag an tionscnóir, ag an urraitheoir agus ag an eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin (IO L 289, 3.9.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1224/oj).

(6) Tagraíonn Airteagal 22(4), an dara fomhír, agus Airteagal 26d(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402 araon don fhaisnéis atá ar fáil maidir le drochthionchair phríomha na sócmhainní arna maoiniú leis na neamhchosaintí foluiteacha ar thosca inbhuanaitheachta. Chun léargas cuimsitheach a éascú do thionscnóirí ar na hoibleagáidí chun an fhaisnéis sin a nochtadh agus chun comhleanúnachas a áirithiú idir na rialacha agus na teimpléid chaighdeánaithe maidir le nochtaí drochthionchair phríomha den sórt sin ar thosca inbhuanaitheachta a bhaineann, ar thaobh amháin, le hurrúsúcháin STS traidisiúnta neamh-ABCP iad, is é sin nach páipéar tráchtála sócmhainn-bhunaithe iad, agus, ar an taobh eile, urrúsúcháin STS laistigh den chlár comhardaithe, is iomchuí na caighdeáin theicniúla rialála a áireamh, ar cheart dóibh teacht i bhfeidhm san am céanna, in aon Rialachán amháin.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin.

(8) Rinne Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), in Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus in Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, agus ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Prionsabail ghinearálta le haghaidh chur i láthair na faisnéise

1. Cuirfidh tionscnóirí an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo ar fáil trí úsáid a bhaint as teimpléid, sainmhínithe agus foirmlí a leagtar síos san Iarscríbhinn agus ar bhealach atá feiceálach, simplí, achomair, sothuigthe, cothrom, soiléir agus nach bhfuil míthreorach.

2. Cuirfidh tionscnóirí an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo ar fáil i bhformáid leictreonach inchuardaithe.

3. Cuirfidh tionscnóirí an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402.

4. Tionscnóirí a úsáideann an rogha chun an fhaisnéis a bhaineann le drochthionchair phríomha na sócmhainní arna maoiniú leis na neamhchosaintí foluiteacha ar thosca inbhuanaitheachta a nochtadh, seachas an fhaisnéis atá ar fáil a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil na sócmhainní arna maoiniú le hiasachtaí áite cónaithe nó iasachtaí le haghaidh gluaisteáin nó léasanna le haghaidh gluaisteáin, úsáidfidh siad 'Gan Aon Roghanna Sonraí' ('ND', giorrúchán ar 'No Data Options') i réimsí RREC10 agus RREC11 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1224 agus i réimsí AUTL57 agus AUTL58 in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

Airteagal 2

Ráiteas maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha an urrúsúcháin

1. Foilseoidh na tionscnóirí an ráiteas maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta san fhormáid a leagtar amach i dTáblaí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn.

2. Sa roinn achoimre i dTábla 1 den Iarscríbhinn, áireoidh na tionscnóirí an fhaisnéis uile seo a leanas:

(a) aitheantóir uathúil an urrúsúcháin;

(b) i gcás ina bhfuil siad ar fáil, uimhreacha aitheantais urrús idirnáisiúnta (cóid ISIN) gach ceann de na tráinsí nó na bannaí san urrúsúchán;

(c) gurb amhlaidh go mbreithnítear drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta;

(d) tréimhse thagartha an ráitis maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta;

(e) i gcás gach cineáil sócmhainne sa chomhthiomsú urrúsúcháin, príomh-iarmhéid iomlán reatha na neamhchosaintí foluiteacha;

(f) achoimre ar dhrochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha.

Beidh fad uasta dhá thaobh de pháipéar A4 ag an roinn achoimre nuair a chuirtear i gcló í.

3. Sa roinn 'Míniú ar an gcaoi a mbreithnítear drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha an urrúsúcháin le linn roghnú na neamhchosaintí foluiteacha atá le cur leis an gcomhthiomsú tráth na tairisceana nó le linn shaolré an urrúsúcháin' i dTábla 1 den Iarscríbhinn, áireoidh tionscnóirí an fhaisnéis uile seo a leanas:

(a) tuairisc ar aon chritéar nó tairseach uimhriúil is infheidhme maidir le comhdhéanamh chomhthiomsú na neamhchosaintí foluiteacha san urrúsúchán a bhaineann leis na drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú leis na neamhchosaintí foluiteacha sa chomhthiomsú;

(b) tuairisc ar aon tástáil, teagmhas nó truicear a bhaineann leis na drochthionchair phríomha sin;

(c) tagairtí soiléire do na leathanaigh agus do na ranna ábhartha sa doiciméad tairisceana críochnaitheach nó, i gcás inarb ábhartha, sa réamheolaire, agus sna doiciméid maidir le hidirbhearta clabhsúir i gcás ina dtugtar tuairisc ar na tairseacha, tástálacha, teagmhais nó truicir sin;

(d) míniú achomair maidir le cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta san áireamh i gcritéir deonaithe creidmheasa an tionscnóra agus, má chuirtear, conas a chuirtear na drochthionchair sin san áireamh;

(e) tagairtí soiléire agus hipearnaisc chuig aon nochtadh poiblí atá ar fáil ina dtugtar tuairisc ar na critéir dá dtagraítear i bpointe (a).

I gcás nach bhfuil faisnéis a bhaineann le haon cheann de na táscairí maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta mar a leagtar amach san Iarscríbhinn ar fáil go héasca, áireoidh tionscnóirí sa roinn sin mionsonraí maidir leis na hiarrachtaí is fearr a rinneadh chun an fhaisnéis sin a fháil ó oibleagáideoirí, ó shaineolaithe seachtracha, nó trí thoimhdí réasúnta a dhéanamh.

4. Chun críocha an mhínithe achomair dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), féadfaidh tionscnóirí tagairtí a sholáthar freisin do chóid iompair gnó ábhartha agus do chaighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le dícheall cuí agus tuairisciú lenar chloígh siad.

5. Sa roinn 'Tuairisc ar dhrochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha an urrúsúcháin' i dTábla 1 den Iarscríbhinn, tabharfaidh tionscnóirí tuairisc ar na drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha an urrúsúcháin, agus soláthróidh siad an fhaisnéis uile seo a leanas:

(a) faisnéis atá ar fáil maidir leis na táscairí a bhaineann le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta mar a leagtar amach i dTábla 1 den Iarscríbhinn;

(b) faisnéis atá ar fáil maidir le táscaire breise amháin nó níos mó a bhaineann leis an aeráid nó leis an gcomhshaol, mar a leagtar amach i dTábla 2 den Iarscríbhinn;

(c) faisnéis atá ar fáil maidir le táscaire breise amháin nó níos mó maidir le cúrsaí sóisialta agus fostaithe, urraim do chearta an duine, cúrsaí frithéillithe agus frithbhreabaireachta, mar a leagtar amach i dTábla 3 den Iarscríbhinn;

(d) faisnéis atá ar fáil maidir le haon táscaire eile a úsáidtear chun drochthionchair phríomha bhreise ar thoisc inbhuanaitheachta a shainaithint agus a mheasúnú mar a leagtar amach i dTábla 1 den Iarscríbhinn.

I gcás inar chuir an tionscnóir ráiteas amháin ar a laghad roimhe sin ar fáil maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta i gcomhréir leis an Airteagal sin, soláthróidh an tionscnóir comparáid stairiúil idir an tréimhse reatha a tuairiscíodh agus gach tréimhse roimhe sin a tuairiscíodh suas leis na ceithre thréimhse dheireanacha roimhe sin.

6. I gcás ina gcuirtear an ráiteas maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta ar fáil trí bhíthin stór urrúsúchán, úsáidfear cód ítime 1 de Thábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1224.

7. Tionscnóir a shainaithníonn earráidí fíorasacha in aon fhaisnéis a chuir sé ar fáil de bhun mhíreanna 1 go 6, ceartóidh sé na hearráidí sin agus foilseoidh sé ráiteas ceartaithe maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta gan moill mhíchuí.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH AN RÁITIS MAIDIR LE DROCHTHIONCHAIR INBHUANAITHEACHTA PHRÍOMHA

Chun críoch na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'aitheantóir uathúil urrúsúcháin' aitheantóir uathúil dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1224;
2. ciallaíonn 'astaíochtaí sonracha CO_2' 'astaíochtaí sonracha CO_2' mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);
3. Ciallaíonn 'sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais' 'sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais' mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (k), de Rialachán (AE) 2019/631;
4. ciallaíonn 'in-athúsáidteacht' 'in-athúsáidteacht' mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (13), de Threoir 2005/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);
5. ciallaíonn 'in-athchúrsáilteacht' 'in-athchúrsáilteacht' mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (14) de Threoir 2005/64/CE;
6. ciallaíonn 'in-aisghabhálacht' 'in-aisghabhálacht' mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (15) de Threoir 2005/64/CE;
7. ciallaíonn 'éifeachtúlacht athchúrsála' an phróisis athchúrsála ceallra an cóimheas a fhaightear trí mhais na gcodán aschuir is ábhar don athchúrsáil a roinnt ar mhais chodán ionchuir na gceallraí dramhaíola, arna shloinneadh mar chéatadán;
8. ciallaíonn 'feithicil astaíochtaí nialasacha agus ísle' 'feithicil astaíochtaí nialasacha agus ísle' mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (m), de Rialachán (AE) 2019/631;
9. ciallaíonn 'feithiclí i gcatagóirí M_1 nó N_1' feithiclí atá i gcatagóir M_1 dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a)(i), de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), nó i gcatagóir N_1 dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b)(i), den Rialachán sin.

Chun críocha na dtáscairí i dTábla 1, sa roinn maidir le 'Táscairí is infheidhme maidir leis na sócmhainní arna maoiniú ag iasachtaí áite cónaithe' san Iarscríbhinn seo, beidh feidhm ag na foirmlí ábhartha a leagtar amach sa dara fomhír d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún ([4]).

Tábla 1

Ráiteas maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha an urrúsúcháin

Tionscnóirí an Urrúsúcháin [*Ainm agus LEI*]
Achoimre Breithníonn [*ainm agus LEI*] drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha an urrúsúcháin [*aitheantóir uathúil urrúsúcháin*], a dtugtar tuairisc orthu sa ráiteas seo.

([1]) Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj).

([2]) Treoir 2005/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena n-in-athúsáidteacht, lena n-in-athchúrsáilteacht agus lena n-in-aisghabhálacht agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle (IO L 310, 25.11.2005, lch. 10 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/64/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na mionsonraí maidir le hábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', lena sonraítear ábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta agus drochthionchair inbhuanaitheachta, agus ábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le cur chun cinn saintréithe comhshaoil nó sóisialta agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomhanna gréasáin agus i dtuarascálacha tréimhsiúla (IO L 196, 25.7.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1288/oj).

Tionscnóirí an Urrúsúcháin [*Ainm agus LEI*]

Is iad seo a leanas na cóid ISIN le haghaidh gach ceann de na tráinsí agus/nó na bannaí san urrúsúchán [*cuir isteach cóid ISIN*].
Cumhdaítear leis an ráiteas seo an tréimhse thagartha ón [*dáta*] go dtí an [*dáta*].
Maidir le gach cineál sócmhainne sa chomhthiomsú [*iasachtaí le haghaidh gluaisteáin; léasanna le haghaidh gluaisteáin; iasachtaí áite cónaithe*], is é seo a leanas príomh-iarmhéid iomlán reatha na neamhchosaintí foluiteacha [*an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (e)*].
[*Achoimre dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (f)*].

Míniú ar an gcaoi a ndéantar drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha an urrúsúcháin a bhreithniú le linn roghnú na neamhchosaintí foluiteacha atá le cur leis an gcomhthiomsú tráth na tairisceana nó le linn shaolré an urrúsúcháin
[*Faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 2(3)*].

Tuairisc ar dhrochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha an urrúsúcháin
[*Faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 2(5) san fhormáid a leagtar amach thíos*].

TÁSCAIRÍ AERÁIDE AGUS TÁSCAIRÍ EILE A BHAINEANN LEIS AN gCOMHSHAOL

	Táscaire drochthionchair inbhuanaitheachta	Méadrach	Tionchar [tréimhse thagartha n]	Tionchar [tréimhse thagartha n-1]	Míniú
Táscairí is infheidhme maidir leis na sócmhainní arna maoiniú le hiasachtaí áite cónaithe					
Breoslaí iontaise	1. Neamhchosaint ar bhreoslaí iontaise a úsáidtear le haghaidh téimh nó chun leictreachas a ghiniúint	An sciar de neamhchosaintí foluiteacha arna n-urrú le sócmhainní réadmhaoine a úsáideann breoslaí iontaise chun téamh agus leictreachas a ghiniúint.			
Fuinneamh éifeachtúlacht	2. Neamhchosaint ar shócmhainní réadmhaoine nach bhfuil éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de	Sciar na neamhchosaintí foluiteacha arna n-urrú le sócmhainní réadmhaoine atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de.			
Táscairí is infheidhme maidir leis na sócmhainní arna maoiniú le hiasachtaí le haghaidh gluaisteáin agus léasanna le haghaidh gluaisteáin					
Astaíochtaí	3. Neamhchosaint ar fheithiclí nach gcomhlíonann tairseacha astaíochtaí ábhartha.	Sciar na neamhchosaintí foluiteacha arna n-urrú le feithiclí i gcatagóirí M_1 nó N_1 le hastaíochtaí sonracha CO_2 atá mar a leanas: (i) go dtí an 31 Nollaig 2025, atá cothrom le 50 g CO_2/km (feithicil astaíochtaí nialasacha agus ísle) nó níos airde ná sin, agus (ii) ón 1 Eanáir 2026, níos airde ná nialas.			

Truailliú	4. Neamhchosaint ar fheithiclí nach gcomhlíonann tairseacha agus caighdeáin truaillithe aeir.	An sciar de neamhchosaintí foluiteacha arna n-urrú le feithiclí nach gcomhlíonann ceanglais na céime infheidhme is déanaí de theorainneacha astaíochta Euro 6 a leagtar amach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus na tairseacha astaíochta d'fheithiclí saothair éadroim glana a leagtar amach i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).			
In-athchúrsáilteacht íseal	5. Neamhchosaint ar fheithiclí a bhfuil cóimheas íseal in-athchúrsáilteachta acu	Sciar na neamhchosaintí foluiteacha arna n-urrú le feithiclí i gcatagóirí M_1 nó N_1 nach bhfuil: (a) in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte go dtí íosmhéid 85 % de réir meáchain; (b) in-athúsáidte nó in-aisghabhála go dtí íosmhéid 95 % de réir meáchain.			

Táscairí eile le haghaidh drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta

[*Faisnéis maidir leis na drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointe (b), san fhormáid a leagtar amach i dTábla 2*]

[*Faisnéis maidir leis na drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointe (c), san fhormáid a leagtar amach i dTábla 3*]

[Faisnéis maidir le haon táscaire eile a áirítear i dTábla 1 'Ráiteas maidir le drochthionchair phríomha cinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta' d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 san fhormáid a leagtar amach sa Tábla sin nó maidir le haon táscaire eile a úsáidtear chun drochthionchair phríomha bhreise ar thoisc inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointe (d) den Rialachán seo a shainaithint agus a mheasúnú. Chun críocha an ró seo, i gcás ina n-úsáidtear aon táscaire eile i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288, beidh feidhm ag na sainmhínithe agus na foirmlí ábhartha a áirítear san Iarscríbhinn sin. Mar sin féin, tá sé beartaithe go mbeidh aon táscaire roghnaithe infheidhme maidir le sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha iasachtaí áite cónaithe nó sócmhainní arna maoiniú leis na hiasachtaí le haghaidh gluaisteáin agus na léasanna le haghaidh gluaisteáin.]

Comparáid stairiúil

[*Faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 2(5), an dara fomhír]*

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/715/oj).

([2]) Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn (IO L 120, 15.5.2009, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/33/oj).

Tábla 2

Táscairí aeráide breise agus táscairí breise eile a bhaineann leis an gcomhshaol

Drochthionchar inbhuanaitheachta	Drochthionchar ar thosca inbhuanaitheachta (Cáilíochtúil nó cainníochtúil)	Méadrach
Táscairí is infheidhme maidir leis na sócmhainní arna maoiniú le hiasachtaí áite cónaithe		
[*Faisnéis faoi cheann amháin nó níos mó de na táscairí a áirítear i dTábla 2 'Táscairí aeráide breise agus táscairí breise eile a bhaineann leis an gcomhshaol' d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 san fhormáid a leagtar amach sa Tábla sin. Chun críocha an ró seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe agus na foirmlí ábhartha atá san Iarscríbhinn sin. Mar sin féin, tá sé beartaithe go mbeidh aon táscaire roghnaithe infheidhme maidir le sócmhainní arna maoiniú le neamhchosaintí foluiteacha iasachtaí áite cónaithe.*]		
Táscairí is infheidhme maidir leis na sócmhainní arna maoiniú le hiasachtaí le haghaidh gluaisteáin agus léasanna le haghaidh gluaisteáin		
Uisce, dramhaíl agus astaíochtaí ábhair	6. Éifeachtúlacht athchúrsála ceallraí feithiclí leictreacha	An sciar de na neamhchosaintí foluiteacha arna n-urrú le feithiclí leictreacha a bhfuil a gceallraí ian litiam ag ráta athchúrsála níos ísle ná: (i) 65 % go dtí an 31 Nollaig 2025 agus (ii) 70 % go dtí an 31 Nollaig 2030 nó Sciar na neamhchosaintí foluiteacha arna n-urrú le feithiclí leictreacha a bhfuil a gceallraí luaidhe-aigéadacha ar ráta athchúrsála níos ísle ná: (i) 75 % go dtí an 31 Nollaig 2025 agus (ii) 80 % go dtí an 31 Nollaig 2030
Astaíochtaí	7. Neamhchosaint ar fheithiclí ag a bhfuil astaíochtaí CO_2 atá níos airde ná na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais	Sciar na neamhchosaintí foluiteacha arna n-urrú le feithiclí i gcatagóirí M_1 nó N_1, le hastaíochtaí sonracha CO_2 níos airde ná spriocanna astaíochtaí CO_2 an fhlít uile:

Tábla 3

Táscairí breise le haghaidh ábhair shóisialta agus fostaithe, le haghaidh ábhair a bhaineann le hurraim do chearta an duine, le haghaidh ábhair frithéillithe agus le haghaidh ábhair frithbhreabaireachta

Drochthionchar inbhuanaitheachta	Drochthionchar ar thosca inbhuanaitheachta (Cáilíochtúil nó cainníochtúil)	Méadrach
Táscairí is infheidhme maidir leis na sócmhainní arna maoiniú le hiasachtaí áite cónaithe, iasachtaí le haghaidh gluaisteáin agus léasanna le haghaidh gluaisteáin		
I gcás ina bhfuil sí ar fáil, faisnéis faoi cheann amháin nó níos mó de na táscairí a áirítear i dTábla 3, maidir le 'Táscairí breise le haghaidh ábhair shóisialta agus fostaithe, le haghaidh ábhair a bhaineann le hurraim do chearta an duine, le haghaidh cúrsaí frithéillithe agus le haghaidh ábhair frithbhreabaireachta' d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 san fhormáid sa Tábla sin. Chun críocha an tábla seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe agus na foirmlí ábhartha atá san Iarscríbhinn sin. Mar sin féin, tá sé beartaithe go mbeidh aon táscaire roghnaithe infheidhme maidir leis na cuideachtaí a mhonaraigh na feithiclí lena ndaingnítear na neamhchosaintí foluiteacha sa chomhthiomsú.		

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1700/oj